



Comhshaol, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil  
**Environment, Heritage and Local Government**

## **Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil**

**Scéim Ghaeilge**

**2009-2012**

**faoi Alt 11**

**d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003**

## Leathanach Chlár na nÁbhar

<b>Caibidil 1</b>	<b>Cúlra</b> _____	<b>3</b>
1.1	Réamhrá _____	3
1.2	Léirmheas ar mar a feidhmíodh an Chéad Scéim 2005-2008 _____	3
1.3	Cur Chuige i Leith Scéim Nua a Fhorbairt _____	4
1.4	Ábhar na Scéime Teanga _____	4
1.5	Dáta Tosaithe na Scéime _____	4
<b>Caibidil 2</b>	<b>Léargas Ginearálta ar an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil</b> _____	<b>5</b>
2.1	Misean agus Sainordú _____	5
2.2	Custaiméirí na Roinne _____	5
2.3	Achoimre ar Sheirbhísí agus ar Ghníomhaíochtaí arna soláthar ag an Roinn _____	6
<b>Caibidil 3</b>	<b>Achoimre ar Sheirbhísí Gaeilge agus ar Fheabhsuithe atá pleanáilte i gcomhair 2008-2011</b> _____	<b>12</b>
3.1	Seirbhísí a sholáthraíonn an Roinn seo sa dá theanga _____	12
3.2	<b>Bealaí cumarsáide leis an bPobal / le Faisnéis a chur in iúl don Phobal</b> _____	<b>13</b>
3.2.1	Seirbhís do Chustaiméirí _____	13
3.2.2	Suímh Idirlín agus Córais Ríomhaire na Roinne _____	13
3.2.3	Óráidí _____	14
3.2.4	Comhfhreagras _____	14
3.2.5	Cuirí Oifigiúla _____	14
3.2.6	Bileoga Faisnéise / Foirmeacha Iarratais / Póstaeir _____	14
3.2.7	Foilseacháin _____	15
3.2.8	Fógraí ó bhéal / Cumarsáid leis an bPobal ar an teileafón _____	15
3.2.9	Preasráitis _____	15
3.2.10	Rialtas Áitiúil _____	15
3.2.11	Polasáí i leith Cruinnithe Poiblí _____	15
3.2.12	Seirbhís do limistéir Ghaeltachta _____	15
3.2.13	Logainmneacha Gaeltachta _____	16
3.3	<b>Cumas Gaeilge an Roinne a Fheabhsú</b> _____	<b>17</b>
3.3.1	Earcaíocht & Socrúchán _____	17
3.3.2	Oiliúint & Forbairt _____	17
3.3.3	Acmhainní Teanga _____	18
3.3.4	Seirbhísí Aistriúcháin _____	18
3.3.5	Seachtain na Gaeilge _____	18
3.3.6	Cumarsáid Inmheánach _____	18
<b>Caibidil 4</b>	<b>Monatóireacht &amp; Athbhreithniú</b> _____	<b>19</b>
<b>Caibidil 5</b>	<b>Scéim Chomhaontaithe a Phoibliú</b> _____	<b>20</b>

## **Caibidil 1 Cúlra**

### **1.1 Réamhrá**

Tháinig chéad Scéim Ghaeilge na Roinne, a ullmhaíodh de réir Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, i bhfeidhm i mí Lúnasa 2005. Is éard is aidhm leis an dara Scéim seo ná go gcuirfear leis an dul chun cinn a rinneadh ó thaobh seirbhísí trí Ghaeilge agus seirbhísí dátheangacha a sholáthar sa Roinn.

Forbraíodh an Scéim nua chun an bhéim a leagtar ar an nGaeilge, agus gnó laethúil na Roinne á dhéanamh, a láidriú, agus an méid a bheidh indéanta le réasún, as seo go ceann an chéad trí bliana eile, á chur san áireamh.

Rinneadh athbhreithniú inmheánach ar chéad Scéim na Roinne ar bhonn bliantúil agus chabhraigh torthaí an phróisis sin leis an dara Scéim seo a fhorbairt.

### **1.2 Léirmheas ar mar a feidhmíodh an Chéad Scéim 2005-2008**

Socraíodh targaidí dúshlánacha don Roinn leis an chéad Scéim Ghaeilge, ar cuireadh tús léi i mí Lúnasa 2005, agus comhartha ab ea an scéim faoi athrú suntasach ar chultúr na Roinne agus ar an gcur chuige ginearálta i leith saincheisteanna Gaeilge a láimhseáil.

I gcaitheamh chúrsa na Scéime deiridh, d'oibrigh an fhoireann sa Rannóg um Fhorbairt Chorpáraideach den Roinn go dlúth le comhghleacaithe as chuile chearn den Roinn le feasacht ar théarmaí agus ar spiorad na Scéime a chur chun cinn agus lena chinntiú go gcomhlíonfaí iad. Trí shraith de shuirbhéanna inmheánacha bliantúla, d'fhéach an Roinn le leibhéal an éilimh ar sheirbhísí trí Ghaeilge, ó bhéal agus i gcló aron, a mheas.

Ghlac an fhoireann ar fud na Roinne leis an Scéim i gcoitinne agus leis na freagrachtaí a leagadh orthu tar éis di a bheith tugtha isteach trasna na Roinne. Bhí rún daingean ag an Rannóg um Fhorbairt Chorpáraideach (RFC) den Roinn a chinntiú go meabhraítear a bhfreagrachtaí i ndáil leis an nGaeilge don fhoireann agus do bhainisteoirí go minic. Forbraíodh raon tacaí ionas go bhfreastalófaí ar riachtanais na foirne agus go gcinnteofaí go gcuirfí an Scéim i ngníomh go héifeachtach. Bhí sraith de sheisiúin oiliúna saindeartha, a tugadh ar bhonn inmheánach, san áireamh leis na tacaí seo; chomh maith le tacaíocht do bhaill foirne ar mhian leo tabhairt faoi chúrsaí Gaeilge a soláthraíodh go seachtrach; treoír agus mionsonraí a soláthraíodh maidir le seirbhísí aistriúcháin chomh maith le hacmhainní éagsúla idirlín a soláthraíodh don fhoireann ar shuímh idirlín inmheánach na Roinne. Chuir sraith suirbhéanna a reáchtáladh go bliantúil ar chumas na RFC dul chun cinn, i ndáil leis an mbealach a bhí an Scéim á cur i ngníomh, a mheasúnú agus sholáthair na suirbhéanna leid faoi aon saincheisteanna a bhí ag teacht roimh rannóga i ndáil leis an scéim a chur i ngníomh. Ar an gcaoi chéanna, soláthraíodh faisnéis leis an iniúchóireacht bhliantúil ar leibhéal an éilimh ón bpobal ar sheirbhísí i nGaeilge. Tugadh le fios go seasta leis na torthaí gur fhan leibhéal an éilimh ar sheirbhísí trí Ghaeilge ón bpobal – agus iad ag teacht isteach in oifigí go fisiciúil nó trí ghlaochanna teileafóin – íseal fós.

D'oibrigh an Roinn le hoifigigh ó oifig an Choimisinéara Teanga freisin lena chinntiú gur cuireadh gearáin agus saincheisteanna maidir le neamh-chomhlíonadh na scéime ar a

súile don fhoireann agus gur tapaíodh aon deiseanna le haghaidh feabhsuithe a tháinig chun cinn de bharr na ngearán seo.

### **1.3 Cur Chuige i Leith Scéim Nua a Fhorbairt**

D'fhoilsigh an Roinn fógra an 3 Márta 2008 faoi *Alt 13* d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 lenar iarradh uiriolla ó pháirtithe leasmhara i ndáil le hullmhúchán na scéime nua teanga seo. Fuarthas deich n-aighneacht ó raon eagraíochtaí Gaeilge agus ó dhaoine aonair den phobal. Tá na haighneachtaí seo ar fáil le feiceáil ar shuíomh idirlín na Roinne [www.environ.ie](http://www.environ.ie) nó [www.comhshaol.ie](http://www.comhshaol.ie). Ba mhaith leis an Roinn buíochas a ghabháil le gach duine a chabhraigh leis an bpróiseas.

Thug gach aighneacht ábhartha dá bhfuarthas treoir don Scéim nua, chomh maith le moltaí a bailíodh ón bhfoireann as measc rannóg éagsúil na Roinne agus ó na suirbhéanna bliantúla lenar measúnaíodh dul chun cinn faoi chéad Scéim Ghaeilge na Roinne.

### **1.4 Ábhar na Scéime Teanga**

Tá an dara Scéim Ghaeilge seo bunaithe ar an tuiscint gur comhlíonadh na gealltanais ar fad sa chéad Scéim. I gcás nár comhlíonadh gealltanais laistigh den Scéim úd go hiomlán go dtí seo, tá Oifig an Choimisinéara Teanga tar éis déileáil leis an scéal. Is é an cuspóir atá leis an dara Scéim seo ná go leanfar ar aghaidh leis an obair leis na gealltanais seo a chomhlíonadh agus go gcuirfear leis an dul chun cinn a baineadh amach trasna na Roinne i gcaitheamh thréimhse na Scéime deiridh. Leagtar gealltanais amach inti, thar ceann na Roinne agus na foirne, lena mhéid is a bhíonn seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge faoi láthair a fhorbairt agus aithnítear réimsí leis an Scéim a bhreiseofar amach anseo.

Cuireann an Scéim nua le prionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí freisin agus leanfar ar aghaidh le bheith ag cinntiú leis an scéim go n-éascófar le daoine ar mian leo a ngnó a dhéanamh i nGaeilge.

Leanfaidh an Roinn ar aghaidh le bheith ag meas leibhéal an éilimh ar a seirbhísí i nGaeilge trí iniúchóireachtaí bliantúla a reáchtáil ar an éileamh ar sheirbhísí agus ar na bearta dá dtugtar futhu leis na seirbhísí a chur i ngníomh. Tá rún daingean ag an Roinn tuairisciú faoi dhul chun cinn a dhéantar go bliantúil ina Tuarascáil Bhliantúil.

### **1.5 Dáta Tosaithe na Scéime**

Tá an Scéim seo dearbhaithe ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus tá sé tosaithe le héifeacht ó 20 Iúil 2009. Fanfaidh sé i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta seo nó go dtí go mbeidh Scéim nua dearbhaithe ag an Aire de bhun *Alt 15* d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, cé acu dáta is luaithe.

## **Caibidil 2 Léargas Ginearálta ar an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil**

### **2.1 Misean agus Sainordú**

Is é misean na Roinne, faoi mar a leagadh amach ina *Ráiteas Straitéise 2008-2010*, ná coinneáil leis an bhforbairt inbhuanaithe.

Agus muid ag coinneáil leis an misean seo, is é ár sainordú ná:

- comhshaoil ardchaighdeáin a bhaint amach le cosaint éifeachtach don chomhshaoil;
- aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide;
- caomhnú éifeachtach ár n-oidhreacht agus ár mbithéagsúlachta nádúrtha a bhaint amach;
- caomhnú éifeachtach ár n-oidhreacht foirgnithe a bhaint amach;
- acmhainní uisce a chosaint agus a fheabhsú chomh maith le cailíocht an uisce óil;
- cinntiú go ndéanfar ár réigiúin agus ár bpobail a phleanáil agus a thógáil ar bhealach lena léireofar meas ar an bhforbairt réigiúnach chothromaithe inbhuanaithe;
- tithíocht deacháilíochta a chinntiú i bpobail inbhuanaithe;
- monatóireacht agus anailís a dhéanamh ar aimsir agus aeráid na hÉireann agus í a thuar;
- tacú le rialtas áitiúil daonlathach freagrúil agus rialtas áitiúil den sort sin a chumasú.

Tá formhór d'fhoireann na Roinne a bhíonn ag obair i mBaile Átha Cliath lonnaithe ag Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath 1, faoi láthair agus ag roinnt oifigí eile ar fud na cathrach atá níos lú. Tá oifigí réigiúnacha lonnaithe i mBéal an Átha, Co. Mhaigh Eo, agus tá réamhoifig bunaithe faoin gclár dílárnúcháin in Ard Chaomháin, Co. Loch Garman (féach thíos). Tá baill foirne sna rannóga oidhreacht, sa chigireacht tithíochta agus uisce, agus sa tseirbhís iniúchóireacht lonnaithe ar fud na tíre. Tá ceanncheathrú Mhet Éireann i nGlas Naíon i mBaile Átha Cliath agus tá baill foirne aige i suímh réigiúnacha.

Mar chuid de chlár dílárnúcháin an Rialtais, osclófar ceanncheathrú nua de chuid na Roinne i Loch Garman in 2009.

### **2.2 Custaiméirí na Roinne**

Mar gheall ar fhairsinge shainordú na Roinne agus ar a bhfuil i gceist leis, téann a cuid oibre i bhfeidhm ar raon ollmhór daoine agus pobal ar fud na tíre. Cé go seachadtar tromlach na seirbhísí a chuireann an Roinn chun cinn tríd an earnáil rialtais áitiúil, tá bonn leathan custaiméirí ag an Roinn. San áireamh leis seo tá:

- Ionadaithe tofa
- Daoine den phobal

- Pobail ar fud na tíre
- Ranna agus Oifigí eile Rialtais
- Comhlachtaí faoi scáth na Roinne
- Údaráis Áitiúla agus Réigiúnacha
- Forais Eorpacha agus Idirnáisiúnta
- Comhpháirtithe Sóisialta
- Eagraíochtaí nach eagraíochtaí rialtais iad

### 2.3 Achoimre ar Sheirbhísí agus ar Ghníomhaíochtaí arna soláthar ag an Roinn

Déantar obair na Roinne trí shé Rannóg – Comhshaoil; Uisce & Pleanáil; Oidhreacht; Rialtas Áitiúil; Tithíocht agus Seirbhísí Corparáideacha. Lena chois sin, déanann Met Éireann agus Seirbhís Iniúchóireachta an Rialtais Áitiúil cuid den Roinn freisin. Leagtar breaceolas ar gach ceann de na haonaid ghnó laistigh de shé rannóg na Roinne amach thíos.

#### Rannóg Chomhshaoil

##### **Rannóg Pholasaithe Comhshaoil:**

Freagrach as saincheisteanna ó thaobh an chomhshaoil a chur isteach ina gcuid de raon earnálacha difriúla polasaí faoi phróiseas an Phlean Forbartha Náisiúnta, tacaíocht airgeadais a sholáthar don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus páirt a ghlacadh in obair an AE agus ar leibhéal idirnáisiúnta níos leithne chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna réigiúnacha agus domhanda ó thaobh an chomhshaoil agus cinntiú go gcomhlíonfar oibleagáidí faoi reachtaíocht an AE agus faoi choinbhinsiúin idirnáisiúnta go hiomlán. Tá freagracht dhíreach ar an Rannóg as réimsí polasaí lena n-áirítear Eagraíochtaí nach eagraíochtaí rialtais iad, Teicneolaíochtaí Comhshaoil agus Cosc agus Rialú Comhtháite ar Thruailliú.

##### **Comhshaoil – Rannóg Idirnáisiúnta agus um Fhorbairt Inbhuanaithe:**

Freagrach as rannpháirtíocht an Aire i gComhairle Chomhshaoil an AE a chomhordú; freagrachtaí na Roinne faoi Acht an Aontais Eorpaigh (Grinnscrúdú); comhfhreagras agus tuairiscí a bhaineann le gearáin faoi chásanna inar sáraíodh reachtaíocht chomhshaoil an AE; clár mhaoiniúcháin *LIFE +* agus *INTERREG IV* an AE agus cúrsaí a bhaineann leis an gcomhoibriú Thuaidh/Theas agus na Breataine/na hÉireann i réimse an chomhshaoil. Tacaíonn an tAonad le ról na Roinne i ndáil le Straitéis Náisiúnta athnuaite um Fhorbairt Inbhuanaithe a fhoilsiú; leis an ionchur náisiúnta do Straitéis an AE um Fhorbairt Inbhuanaithe agus; do Choimisiún na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe. Tá freagrachtaí forbhreathnúcháin ar an aonad freisin i ndáil le *Comhar*, an Chomhairle Náisiúnta Forbartha Inmharthana.

##### **Rannóg Pholasaithe um Radaíocht Chomhshaoil agus Cáilíocht Aeir:**

Tacaíonn le polasaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le cúrsaí ó thaobh na cáilíochta aeir agus torann chomhshaoil a rialú agus ó thaobh na sábháilteachta núicléach agus cuireann na polasaithe sin i ngníomh, lena gcuimsítear gealltanas an Rialtais i dtreo is go ndíchoimisiúnófar Sellafield go sábháilte agus go gcuirfear stad iomlán le hábhair radaighníomhacha a bheith á sceitheadh isteach i Muir Éireann.

**Rannóg um Fheasacht ar an gComhshaol & ar an Oidhreacht:**

Forbraíonn agus cuireann polasaithe agus bearta i ngníomh chun tuiscint an phobail ar luach ár n-acmhainní comhshaoil agus oidhreachta foirgnithe a bhreisiú; comhordaíonn gníomhartha in aghaidh an bhruscair agus ritheann comórtas na mBailte Slachtmhara agus comórtais ghaolmhara.

**Rannóg Pholasaithe um Athrú Aeráide Náisiúnta:**

Forbraíonn agus cuireann polasaithe forásacha agus reachtaíocht éifeachtach i ngníomh i ndáil leis an gclár oibre náisiúnta um athrú aeráide agus i ndáil le substaintí a ídíonn ózón a rialú.

**Rannóg um Athrú Aeráide Idirnáisiúnta:**

Seirbhíonn rannpháirtíocht na hÉireann i gcomhaontuithe / eagraíochtaí idirnáisiúnta um athrú aeráide, Creat-Chomhaontú na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide agus Prótacal Kyótó go sonrach, agus forbraíonn seasaimh náisiúnta maidir le gealltanais a bheidh ann amach anseo maidir leis an athrú aeráide, i gcomhthéacs idirbheartaíochtaí an AE agus na NA i leith gníomhartha amach anseo maidir leis an athrú aeráide.

**Polasaithe Dramhaíola: Rannóg Athbhreithniúcháin agus Rialála:**

Forbraíonn polasaithe agus reachtaíocht chun ceanglais náisiúnta a chomhlíonadh agus lena chinntiú go gcomhlíonfar oibleagáidí ábhartha faoi Threoracha an AE maidir le Dramhaíl.

**Polasaithe Dramhaíola: Rannóg Choisc agus Aisghabhála:**

Forbraíonn agus cuireann polasaithe náisiúnta um chosc agus aisghabháil dramhaíola i ngníomh bunaithe ar na príonsabail ó thaobh úsáid éifeachtúil a bheith á baint as acmhainní nádúrtha agus tionchair dhiúltacha ar an gcomhshaol a laghdú oiread agus is féidir; cinntíonn go gcomhlíonfar oibleagáidí ábhartha faoi Threoracha an AE maidir le Freagrachtaí Táirgeoirí agus bainistíonn clár an bhonneagair aisghabhála dramhaíola.

**Rannóg Oidhreachta****Rannóg Pholasaithe Oidhreachta / Chosanta Ailtireachta:**

Príomhréimse freagrachta ná polasaithe agus reachtaíocht a fhorbairt, a chur chun cinn agus a chur i ngníomh, ionas go gcosnófar an oidhreacht ailtireachta, agus na cleachtais is fearr san ailtireacht nua-aimseartha a chur chun cinn.

**Rannóg na Séadchomharthaí Náisiúnta:**

An chosaint is airde is féidir d'oidhreacht seandálaíochta na hÉireann a dhaingniú, trí raon beart agus idirghabhálacha ar leibhéal pholasaithe agus oibriúcháin araon.

**Rannóg na Seirbhíse Náisiúnta Páirceanna agus Fiadhúlra (Eolaíocht agus Bithéagsúlacht):**

Soláthraíonn faisnéis agus comhairle maidir leis an bhfiadhúlra agus gnáthóga a chaomhnú agus a chosaint, go háirithe i ndáil le Treoracha an AE; ceadúnaíonn gníomhaíochtaí faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra agus faoi Rialacháin an AE maidir le Gnáthóga Nádúrtha agus tionscnaíonn agus bainistíonn an taighde atá riachtanach lena

chinntiú go mbeidh bunús maith leis an gcomhairle seo agus go mbeidh sí cothrom le dáta.

**Rannóg na Seirbhíse Náisiúnta Páirceanna agus Fiadhúlra (Limistéir Ainmnithe & Reachtaíocht):**

Freagracht fhoriomlán ar leibhéal náisiúnta as Treoracha an AE maidir le Gnáthóga agus Éin a chur i ngníomh agus as dlíthe na hÉireann, maidir leis an dúlra a chaomhnú, a chur i ngníomh, a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta.

**Rannóg na Seirbhíse Náisiúnta Páirceanna agus Fiadhúlra (Bainistíocht Réigiúnach, Páirceanna & Airgeadas):**

Cuireann nósanna chun cinn go seachadóidh an bhainisteoireacht réigiúnach seirbhísí ar-an-talamh, a bhaineann le gnáthóga agus speicis a chosaint, go héifeachtúil éifeachtach, agus éascaíonn an tAonad le nósanna den sórt sin trí phrionsabail agus chleachtais dea-rialachais agus eagrúcháin a fhorbairt agus a chur i ngníomh. Freagrach as sé pháirc náisiúnta agus thearmann dúlra an Stáit a bhainistiú agus a fhorbairt.

**Rannóg Uisce agus Phleanála**

**Rannóg um Cháilíocht Uisce:**

Cuireann cosaint agus feabhsú cháilíocht an uisce sa chomhshaol chun cinn m.sh. aibhneacha, lochanna, screamhuisce.

**Rannóg an Chláir Infheistíochta i Seirbhísí Uisce**

Bainistíonn an Clár Infheistíochta i Seirbhísí Uisce atá sa Phlean Forbartha Náisiúnta agus an Clár Uisce Tuaithe agus Earnáil na nGrúpscéimeanna Uisce.

**Rannóg Pholasaithe Seirbhísí Uisce:**

Bainistíonn an próiseas forbartha polasaithe sa Rannóg Sheirbhísí Uisce, lena n-áirítear reachtaíocht agus polasaithe praghsála na seirbhísí uisce.

**Rannóg um Chaighdeán Fhoirgníochta:**

Déanann athbhreithniú ar 12 Chodanna na Rialachán Foirgníochta náisiúnta agus tugann cothrom le dáta iad agus forbraíonn Treoircháipéisí Teicniúla agus ábhair ghaolmhara chun éascú le daoine na rialacháin sin a chomhlíonadh. Tá freagracht rialála air freisin i ndáil le Treoracha ón AE agus le tionscnaimh um pholasaithe, a bhféadfadh impleachtaí a bheith ag gabháil leo le haghaidh foirgneamh nua in Éirinn, go háirithe an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh agus an Treoir maidir le Táirgí Tógála.

**Rannóg Pholasaithe Uirbeacha agus Phleanála:**

Éascaíonn le próiseas éifeachtach cuíchóirithe maidir leis an toilíocht phleanála faoin Acht um Bonneagar Straitéiseach. Coinníonn creat cothrom le dáta ar bun ó thaobh reachtaíochta agus polasaithe chun éascú le córas pleanála éifeachtúil, éifeachtach, cothromaithe ardchaighdeáin. Forbraíonn polasaithe maidir leis an bhforbairt uirbeach, lena n-áirítear aon scéimeanna nua um athnuachan uirbeach, a bheidh bunaithe ar dhreasachtaí cánach, a thionscnamh agus monatóireacht leanúnach a dhéanamh orthu, agus na Cláir um Athnuachan Uirbeach agus Sráidbhailte a chur i ngníomh agus monatóireacht a dhéanamh orthu mar chuid de sin chomh maith. Tá an Rannóg cuntasach i gcuid mhór de Chlár SÍOCHÁIN III 2007 – 2013 freisin. Athbhreithniú ar na



feidhmeanna maidir leis an léasúchán agus ceadúnúchán urthránna ar aon dul le cinneadh Rialtais le feidhmeanna áirithe maidir le hurthránna a aistriú chuig an Roinn seo.

#### **Rannóg an Chórais Pleanála:**

Coinníonn creat cothrom le dáta ar bun ó thaobh reachtaíochta agus polasaithe chun éascú le córas pleanála éifeachtúil, éifeachtach, cothromaithe ardchaighdeáin. Bainistíonn an próiseas foriomlán leis na Treoracha maidir le Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol agus Measúnú Straitéiseach Comhshaoil a thrasúiomh agus a chur i ngníomh. Bainistíonn idirghníomhaíocht na Roinne leis an mBord Pleanála, leis an mBinse Pleanála agus le hÚdarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath.

#### **Rannóg Pholasaithe Spásúlachta:**

Stiúrann an próiseas leis an Straitéis Náisiúnta Spásúlachta a chur i ngníomh ionas go mbainfear cothromaíocht níos fearr amach den fhorbairt shóisialta, eacnamaíoch agus fhisiciúil ar fud na hÉireann, agus pleanáil spásúlachta níos éifeachtaí mar thacaíocht di, agus bainistíonn Tionscnamh na Limistéar atá á bhForbairt freisin atá dírithe ar chomhordú níos fearr a dhaingniú ó thaobh bonneagair agus seirbhísí buntábhachtacha chomh maith le seachadadh tráthúil an bhonneagair agus na seirbhísí sin, i limistéir atá ag fás agus ag forbairt go gasta, ar aon dul le forbairt na tithíochta.

### **Rannóg Rialtais Áitiúil**

#### **Rannóg Pholasaithe Rialtais Áitiúil:**

Cuireann ról an rialtais áitiúil chun cinn agus tacaíonn leis (i ndáil le polasaithe a fhorbairt, seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar do chustaiméirí; cuimsiú sóisialta agus forbairt phobail i measc nithe eile) agus coinníonn creatlach reachtaíochta cothrom le dáta ar bun don chóras rialtais áitiúil.

#### **Rannóg Mhótarchánach & um Fhorbairt Tionscadal Rialtais Áitiúil:**

Tugann gealltanais an Chláir Rialtais i leith athchóiriú an rialtais áitiúil chun cinn; freagrach as polasaithe agus reachtaíocht i ndáil le mótarcháin freisin.

#### **Seirbhísí Áitiúla**

Freagrach as Clár Caipitil na Leabharlann Phoiblí a bhainistiú, reachtaíocht maidir le madraí a rialú agus tugann tacaíocht le raon seirbhísí, a sheachadtar go háitiúil, a sheachadadh.

#### **Rannóg Phearsanra Rialtais Áitiúil:**

Forbraíonn polasaithe i leith na Bainistíochta Acmhainní Daonna agus an Chaidrimh Tionsclaíoch in údaráis áitiúla.

#### **Rannóg Airgeadais Rialtais Áitiúil:**

Déanann monatóireacht ar an bhfeidhm airgeadais in údaráis áitiúla agus forbraíonn reachtaíocht a bhaineann le bainistíocht agus nósanna imeachta airgeadais na n-údarás áitiúil.

### **Rannóg Seirbhísí Dóiteáin agus Phleanála le haghaidh Éigeandálaí:**

Tacaíonn le húdarás áitiúla dóiteáin le seirbhísí comhraic dóiteáin agus tarrthála ó dhóiteán a sheachadadh chomh maith le cláir shábháilteachta agus choisc dóiteáin, agus le pleanáil le haghaidh agus freagairt d'Éigeandálaí Móra.

## **Rannóg Tithíochta**

### **Aonad Polasaithe Tithíochta, Airgeadais agus um Chuimsiú Sóisialta:**

Cinntíonn go mbeidh polasaithe comhleanúnacha tithíochta, agus socruithe airgeadais chun tacú leo, i bhfeidhm trasna gach rannóg sa Rannán agus oibríonn le rannóga eile maidir le polasaithe, a bhaineann leis an tithíocht in Éirinn trasna gach tionacht, a cheapadh agus a fhorbairt, go háirithe ó thaobh cúrsaí a chomhordú. Stiúrann ról na Roinne freisin agus aghaidh á tabhairt ar shaincheisteanna ó thaobh an chuimsithe sóisialta.

### **Rannóg Pholasaithe um Thithíocht Ar Phraghas Réasúnta agus Daoine gan Dídean:**

Tugann próisis, le targaidí um thithíocht ar phraghas réasúnta a sheachadadh, ar aghaidh, faoi mar a leagadh amach in *I dTreo 2016* agus i bPFN 2007-2013, chomh maith leis an bpróiseas le straitéis nua an Rialtais maidir le daoine gan dídean, *The Way Home*, a chur i ngníomh.

### **Rannóg na nDeontas Tithíochta Deonaí & Comhar-Thithíochta:**

Bainistíonn agus cuireann sraith tacaí agus bheart ó thaobh deontas caipitil, i ngníomh tríd na húdarás áitiúla, agus an rannóg ag comhoibriú le comhlachtaí ceadaithe tithíochta chomh maith, lena chinntiú go seachadófar raon roghanna tithíochta sóisialta ardchaighdeáin do theaghlaigh ar ioncaim ísle agus do ghrúpaí a bhfuil riachtanais speisialta acu.

### **Rannóg Chóiríochta don Lucht Siúil:**

Bainistíonn agus cuireann raon tacaí agus deontas caipitil i ngníomh tríd na húdarás áitiúla le cóiríocht chuí ardcháilíochta a sholáthar don Lucht Siúil, cóiríocht atá ann cheana féin a athchóiriú sa chás gur gá, cóiríocht shonrach agus seirbhísí tacaíochta don Lucht Siúil a bhainistiú agus a chothabháil.

### **Rannóg Tithíochta Sóisialta (Soláthar & Tógáil):**

Bainistíonn clár infheistíochta ilbhliantúil don tithíocht shóisialta a bhíonn in ann cóiríocht agus seirbhísí gaolmhara dea-cháilíochta a sholáthar dóibh siúd a bhfuil tithíocht de dhíth orthu.

### **Aonad Forbartha Reachtaíochta & Clár Tithíochta:**

Ullmhaíonn an Bille Tithíochta Sóisialta (Forálacha Ilghnéitheacha) agus soláthraíonn comhairliúchán maidir le Tuairiscí faoin Tithíocht Ar Phraghas Réasúnta agus maidir leis an bpróiseas Forbartha Polasaithe i ndáil le Conairí i dTreo na hÚinéireachta Baile.

### **Aonad Tithíochta Príobháidí:**

Cuireann forbairt inbhuanaithe earnáil na tithíochta príobháidí chun cinn chomh maith leis na spriocanna ó thaobh na tithíochta ardchaighdeáin agus pobal inbhuanaithe.

## Rannóg Sheirbhísí Corparáideacha

### **Rannóg Phearsanra:**

Freagrach as polasaithe agus comhairle straitéiseach i ndáil le heagrú, bainistiú agus riaradh acmhainní daonna na Roinne.

### **Rannóg um Fhorbairt Chorparáideach:**

Comhordaíonn agus tacaíonn leis an bpróiseas bainistíochta straitéisí; feidhmeanna Oiliúna agus Forbartha agus na cumarsáide inmheánaí sa Roinn; agus bainistíonn cúram cóiríochta na Roinne.

### **Rannóg Airgeadais agus Chuntais na Roinne:**

Comhordaíonn meastacháin agus caiteachas na Roinne.

### **Rannóg Eagrúcháin agus Teicneolaíochta Faisnéise & Cumarsáide:**

Freagrach as feidhmeanna teicneolaíochta faisnéise na Roinne agus as tacaí oifige a sholáthar.

### **Oifig Phreasa agus Faisnéise:**

Freagrach as idirchaidreamh leis na meáin chumarsáide agus as óráidí an Aire agus preasráitis a ullmhú agus a scaipeadh.

### **Oifig Dhlí:**

Soláthraíonn tacaíocht don Aire agus d'Airí Stáit.

### **Rannóg an Toghchórais:**

Freagrach as córas toghcháin a fhorbairt a bheidh nua-aimseartha, éifeachtúil, inrochtana agus cothrom, agus maoirseacht a dhéanamh ar an gcóras sin.

Lena chois sin, bíonn an **tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí** freagrach as dearbhú a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le córais um rialú inmheánach na Roinne a bheith ann, agus maidir le leorgacht agus éifeachtacht na gcóras sin.

Bíonn údaráis áitiúla freagrach go hiondúil as seirbhísí a sheachadadh faoi chuimsiú na creatlaí airgeadais agus polasaithe arna leagan síos ag an Roinn. Soláthraíonn na réimsí seo a leanas den Roinn seirbhísí do dhaoine den phobal go díreach áfach:

- Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF)
- Rannóg na nDeontas Tithíochta
- Met Éireann

Aistríodh an tAonad Cláráithe Feithiclí agus freagrachtaí i ndáil le bóithre neamhnáisiúnta chuig an Roinn Iompair i mí Mheitheamh 2007.

### **Caibidil 3 Achoimre ar Sheirbhísí Gaeilge agus ar Fheabhsuithe atá pleanáilte i gcomhair 2008-2011**

Tá rún daingean ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar i nGaeilge agus / nó sa dá theanga dá custaiméirí. Leagtar amach sa chaibidil seo na bearta a dtabharfaidh an Roinn futhu as seo go ceann an chéad trí bliana eile ionas go gcuirfear leis an dul chun cinn a rinneadh i leith seirbhísí dátheangacha a fhorbairt i gcaitheamh thréimhse na Scéime deiridh.

#### **3.1 Seirbhísí a sholáthraíonn an Roinn seo sa dá theanga**

Ní sholáthraíonn an Roinn seirbhísí don phobal go díreach go hiondúil seachas na rannóga nó rannáin seo a leanas a sholáthraíonn seirbhís dhátheangach do dhaoine den phobal, sa teanga arna roghnú ag an gcustaiméir, agus a leanfaidh ar aghaidh leis sin a dhéanamh.

- Deontais Tithíochta
- Met Éireann
- Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF)

Soláthraíonn an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra seirbhís don phobal ar bhonn reigiúnach agus cinnteoidh an Roinn go leanfar ar aghaidh le ball foirne a bheith ar fáil i ngach réigiún na SPNF le seirbhís i nGaeilge a sholáthar don phobal. Lena chois sin, sa chás go mbeidh fianaise ann go bhfuil éileamh áirithe ar sheirbhísí i reigiúin shonracha na SPNF, éascófar le tacaíocht bhreisithe (i bhfoirm oiliúna sa Ghaeilge srl).

I ndáil le gach réimse eile den Roinn, tá socruithe déanta lena chinntiú, sa chás nach bhfuil ball foirne ag Rannáin atá inniúil ar an nGaeilge, nó sa chás nach bhfuil duine den sórt sin ar fáil, go soláthroidh ball ainmnithe den fhoireann ó Rannán eile seirbhís sa teanga arna roghnú ag an gcustaiméir. Leanfar ar aghaidh leis na socruithe seo i rith chúrsa an dara Scéim.

Soláthraíonn an Roinn an chreatlach le haghaidh polasaithe agus soláthraíonn údaráis áitiúla agus comhlachtaí eile faoina scáth seirbhísí faoi chuimsiú na creatlaí sin. Soláthraíonn an Roinn tacaíocht do thionscnaimh a dtugtar futhu chun tacú leis an nGaeilge in údaráis áitiúla freisin. Bhunaigh an tAire (Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil) grúpa comhairleach, *Comhairle Gaeilge an Rialtais Áitiúil*, de réir alt 68 den Acht Rialtais Áitiúil 2001, chun úsáid na Gaeilge in Údaráis Áitiúla a chur chun cinn. Feidhmíonn *Comhairle Gaeilge an Rialtais Áitiúil* ar son bhaill na n-údarás áitiúil, Bainisteoirí Contae & Cathrach, ionadaithe eagraíochtaí a bhíonn ag plé le cur chun cinn na Gaeilge agus ar son na Roinne. I mí Eanáir 2007, chuir an Chomhairle moltaí faoi bhráid an Aire lena n-áirítear iarratas go scrúdódh an Bord Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil (BBRÁ) roinnt cúrsaí trína choiste Gaeilge, an *Fo-Choiste Gaeilge*.

Thug an *Fo-Choiste Gaeilge* faoi roinnt tionscnamh cheana féin lena n-áirítear leathanach idirlín as Gaeilge agus clár plé d'Oifigigh Ghaeilge, bunachar sonraí lárnach de sholáthraithe oiliúna sa Ghaeilge, gníomhaíochtaí chun feasacht an phobail ar an nGaeilge a mhéadú agus seimineár an Fho-Choiste Gaeilge a óstáil, a raibh sé d'aidhm leis tacú le húdaráis áitiúla a n-oibleagáidí a chomhlíonadh i ndáil le hAcht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus an Ghaeilge a chur chun cinn. Leanfaidh an Roinn ar

aghaidh le bheith ag tacú agus ag éascú leis an obair seo tríd an mBSBRÁ, agus táthar ag súil go mbeidh an Bord Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil (BSRRÁ) páirteach san obair seo amach anseo.

## **3.2 Bealaí cumarsáide leis an bPobal / le Faisnéis a chur in iúl don Phobal**

### **3.2.1 Seirbhís do Chustaiméirí**

Tá **Plean Gníomhaíochta nua um Sheirbhís do Chustaiméirí (PGSC)** agus **Cairt nua Chustaiméirí** ullmhaithe ag an Roinn don tréimhse 2009 agus ina dhiaidh. Leantar ar aghaidh le prionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí a léiriú sa Chairt nua agus, ar an mbealach seo, cinntítear leis an gCairt go n-éascófar le daoine ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge. Féachtar, leis an dá chaipéis, le próifíl na Gaeilge a ardú sa Roinn trí théacs as Gaeilge a dhéanamh níos feiceálaí. Lena chois sin, cuirfear bileog ghearr ar fáil ag ár ndeasca fáilithe agus ar ár suíomh idirlín lena leagfar amach na seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge agus úsáidfean an bhileog mar bhealach le feasacht a chur chun cinn ar sheirbhísí sonracha atá ar fáil. **[Ón tráth a fhoilseofar an PGSC nua]**

### **3.2.2 Suímh Idirlín agus Córais Ríomhaire na Roinne**

- (i) Le cois ábhar statach a sholáthar, leanfaidh an Roinn ar aghaidh le bheith ag cur le méid an ábhair as Gaeilge a bhíonn ar fáil ar a suímh idirlín [www.comhshaol.ie](http://www.comhshaol.ie) agus [www.npws.ie](http://www.npws.ie). Cinnteoidh an Roinn go gcuirfear gach foilseachán, lena n-áirítear bileoga faisnéise agus bróisiúir, dá dtáirgtear as Gaeilge nó sa dá theanga, ar fáil ar leagan Gaeilge an tsuímh idirlín ag an am céanna is a chuirtear an leagan Béarla ar fáil. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**
- (ii) Oibreoidh an Roinn ionas go gcuirfear ábhar statach ar fáil i nGaeilge ar shuímh idirlín eile a bhfuil freagracht uirthi astu. Beidh fócas ar leith ar shuímh idirlín lena méadaítear feasacht an phobail ar shaincheisteanna tábhachtacha comhshaoil: [www.archaeology.ie](http://www.archaeology.ie); [www.tidytowns.ie](http://www.tidytowns.ie) agus [www.met.ie](http://www.met.ie). Geallann an Roinn go mbeidh leagain Ghaeilge d'ábhar statach na suíomh seo ar fáil faoi dheireadh na Scéime. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**
- (iii) Cinnteoidh an Roinn freisin go gcuirfear an t-ábhar statach ar gach suíomh idirlín nua arna bhforbairt aici nó thar a ceann ar fáil go dátheangach. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**
- (iv) Cuirfear an áis idirghníomhach, atá ar fáil ar [www.archaeology.ie](http://www.archaeology.ie) faoi láthair, ar fáil i nGaeilge. Níl aon seirbhísí idirghníomhacha eile ann cheana féin ar gá a chur ar fáil sa dá theanga. **[I rith na chéad bhliana den Scéim]**
- (v) Cuirfear gach seirbhís nua idirghníomhach ar an idirlín (.i. seirbhísí lena gcuirtear ar chumas daoine den phobal iarratais a dhéanamh, sochair a fháil nó íocaíochtaí a dhéanamh) dá bhforbrófar i gcaitheamh chúrsa na Scéime seo ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla go comhuaineach. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**

- (vi) Cinnteoidh an Roinn go gcomhlíonfaidh bogearraí agus córais ríomhaire nua arna bhforbairt ag an Roinn nó thar a ceann, a gcaithfear faisnéis a chur isteach iontu i ndáil le daoine den phobal, mar shampla, ainmneacha agus seoltaí, oibleagáidí ó thaobh na Gaeilge. Cuirfidh an Roinn comhlachtaí atá faoina scáth (go háirithe an Bord Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil, BSRRÁ,, a chabhraíonn le húdarais áitiúla réitigh áirithe a fhorbairt maidir le cúrsaí Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide) ar an eolas faoi ghealltanais ina leith seo. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**

### **3.2.3 Óráidí**

Leanfar ar aghaidh le hóráidí nó ráitis, arna dtabhairt ag Airí san Oireachtas nó in áiteanna eile, chomh maith le hóráidí arna ndéanamh ag oifigigh shinsearacha, a chur ar fáil sa teanga/sna teangacha inar tugadh iad.

### **3.2.4 Comhfhreagras**

Le cois a hoibleagáid dlíthiúil a chomhlíonadh ó thaobh freagra a thabhairt i nGaeilge ar chomhfhreagras a fhaightear i nGaeilge, leanfaidh an Roinn ar aghaidh le comhfhreagras a thionscnamh i nGaeilge leo siúd arb eol gurb fhearr leo comhfhreagras a dhéanamh i nGaeilge. Treorófar don fhoireann taifead a choinneáil ar eagraíochtaí den sórt sin d'fhonn is go gcomhlíonfar an gealltanais seo. Tabharfar an fhaisnéis seo cothrom le dáta ar bhonn rialta ar shuíomh idirlín inmheánach na Roinne. Beidh teachtaireachtaí caighdeánacha ar ríomhphost na Roinne, ar nós séantaí freagachta, i nGaeilge agus i mBéarla. Spreagfar an fhoireann le freagraí uathoibreacha 'As Láthair ón Oifig' a sholáthar i nGaeilge agus i mBéarla. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**

### **3.2.5 Cuirí Oifigiúla**

Cinntoidh an Roinn go bpriontálfar cuirí chuig ócáidí oifigiúla arna n-óstáil ag an Aire nó Airí Stáit go dátheangach. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**

### **3.2.6 Bileoga Faisnéise / Foirmeacha Iarratais / Póstaer**

Táirgeann an Roinn roinnt bileog, póstaer agus foirmeacha iarratais a bhíonn ina n-údar spéise ginearálta don phobal. Cinnteoidh an Roinn go dtáirgfear gach foirm iarratais agus bileog dá n-úsáidtear go coitianta m.sh. i ndáil leis na Páirceanna Náisiúnta, vótáil, bainistíocht dramhaíola agus feachtais fheasachta poiblí, go dátheangach faoin aon chlúdach amháin. Sa chás nach indéanta é seo mar gheall ar a bhfuil i gceist leis an ábhar, mar gheall ar a mhéid nó a leagan amach, soláthrófar leagan ar leithligh i nGaeilge agus i mBéarla. I gcás den sórt sin, cuirfear an leagan Gaeilge ar fáil ar an mbealach céanna is a chuirfear an leagan Béarla ar fáil. Sa chás go gcuirtear bileoga, foirmeacha iarratais agus póstaer ar fáil ar shuíomh idirlín na Roinne, cuirfear an leagan Gaeilge ar fáil ag an am céanna leis an leagan Béarla. Tugann an Roinn gealltanais sonracha go gcuirfear an Chairt um Sheirbhís do Chustaiméirí, agus an bhileog fhaisnéise faoi sheirbhísí atá ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge, ar fáil go dátheangach faoin aon chlúdach amháin. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**

### **3.2.7 Foilseacháin**

Táirgeann réimsí éagsúla polasaí na Roinne raon leathan foilseachán. Geallann an Roinn go leanfaidh sí ar aghaidh le leagain dhátheangacha d'fhoilseacháin lánacha (mór-ráitis maidir le polasaithe, straitéisí srl.) agus b'fhearr léi go soláthrófaí iad laistigh den aon chlúdach amháin (cruachóip nó foilseacháin leictreonacha). Sa chás go laghdófaí a éifeachtaí is a bheadh aon fhoilseachán dátheangach áfach mar gheall ar a fhad nó sa chás go mbeadh costas breise iomarcach i gceist leis, soláthrófar leagain ar leithligh i nGaeilge agus i mBéarla. Maidir leis seo, beidh ráiteas i ngach ceann go bhfuil leagan ar fáil sa teanga eile. Níl sé i gceist cáipéisí móra a bhaineann le cúrsaí teicniúla nó nach scaipfí ach ar dhornán beag daoine a aistriú. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**

### **3.2.8 Fógraí ó bhéal / Cumarsáid leis an bPobal ar an teileafón**

Ar aon dul leis na prionsabail ó thaobh na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí, leanfaidh an Roinn ar aghaidh le bheith ag cinntiú, maidir le fáilteoirí agus oibríteoirí lasc-chláir, arb iad an chéad phointe teagmhála leis an bpobal iad:

- go dtabharfaidh siad ainm na Roinne i nGaeilge agus i mBéarla;
- go mbeidh siad cleachtaithe le beannachtaí bunúsacha i nGaeilge;
- gur féidir leo daoine den phobal a chur i dteagmháil gan mhoill le pé oifigí nó oifigeach atá freagrach as an tseirbhís a iarradh a thairiscint trí Ghaeilge.

Leanfar ar aghaidh le baill indibhidiúla den fhoireann a spreagadh le teachtaireachtaí dá mboscaí glórphoist a sholáthar go dátheangach, sa chás gur féidir. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**

### **3.2.9 Preasráitis**

Táirgfídh agus eiseoidh an Roinn 25% de na preasráitis ar fad go dátheangach i gcaitheamh thréimhse na Scéime. Agus rogha á dhéanamh maidir leis na preasráitis a eiseofar go dátheangach, cinnteoidh an Roinn go dtabharfar tús áite do phreasráitis a bhaineann le gnóthaí Gaeilge nó Gaeltachta chomh maith le fógraí réamhphleanáilte atá an-tábhachtach. Eiseofar gach preasráiteas den sórt sin chuig na meáin chumarsáide Gaeilge ach go áirithe. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**

### **3.2.10 Rialtas Áitiúil**

Soláthróidh an Roinn ciorcláin agus aon fhoirmeacha gaolmhara, a úsáideann foireann na n-údarás áitiúil chun seirbhísí a sholáthar do dhaoine den phobal go díreach, i bhformáid dhátheangach. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**

### **3.2.11 Polasaí i leith Cruinnithe Poiblí**

Reáchtálann an Roinn formhór a cruinnithe poiblí i mBéarla amháin. Is é polasaí na Roinne seo áfach, sa chás go mbeidh údar maith leis, go soláthrófar baill foirne a bheidh inniúil ar an nGaeilge le haghaidh cruinnithe i limistéir Ghaeltachta agus/nó nuair a bheifear ag bualadh le heagraíochtaí/grúpaí Gaeilge sa chás go dtabharfar fógra leordhóthanach. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**

### **3.2.12 Seirbhís do limistéir Ghaeltachta**

Geallann an Roinn go soláthróidh sí seirbhís trí Ghaeilge do dhaoine den phobal i limistéir Ghaeltachta i gcaitheamh shaolré na Scéime. I gcás éilimh ar sheirbhísí oideachais ach go háirithe, m.sh. sa chás go n-iarrfaidh daoine den phobal turais i nGaeilge i limistéir Ghaeltachta, soláthróidh an Roinn turais den sórt sin sa chás go dtabharfar fógra leordhóthanach. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**

### **3.2.13 Logainmneacha Gaeltachta**

Úsáidfidh an Roinn Logainmneacha oifigiúla na limistéar Gaeltachta, faoi mar atá fógartha ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.



### 3.3 Cumas Gaeilge an Roinne a Fheabhsú

#### 3.3.1 Earcaíocht & Socrúchán

Cuirfear na bearta seo a leanas i bhfeidhm lena chinntiú go n-earcófar agus go gcoinneofar líon leorgach de bhaill foirne a bheidh inniúil ar an nGaeilge laistigh den Roinn ionas go gcomhlíonfar forálacha an Achta:

- Mar chuid dá polasaí earcaíochta, fógróidh an Roinn, agus í ag comhoibriú leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, comórtais do bhaill foirne a oibreoidh trí Ghaeilge (go háirithe sa Ghaeltacht agus/nó a bheidh ag freastal ar phobail Ghaeltachta) go poiblí, nuair nach mbeidh daoine oiriúnacha, a aithníodh mar dhaoine a gcaithfeadh Gaeilge a bheith acu chun an ról an chomhlíonadh, ar fáil trí chomórtais ghinearálta ar leibhéal iontrála.
- Faoi réir na srianta eile a rialaíonn cúrsaí ó thaobh socrúcháin fhoirne, cuirfear socrúchán oiriúnach foirne a mbeidh inniúlacht ar an nGaeilge acu, i bhfeidhm ar fud na Roinne, go háirithe in oifigí Gaeltachta, nó in oifigí a fhreastalóidh ar limistéir Ghaeltachta. Rud a chomhlánóidh é seo, socrófar baill foirne a mbeidh buneolas praiticiúil ar an nGaeilge acu trasna na rannóg éagsúil de réir mar is cuí chun tacú leis na gealltanais a leagadh amach sa Scéim seo.
- Beidh agallaimh rannacha trí Ghaeilge nó trí Bhéarla ar fáil don fhoireann, ach fógra a bheith tugtha ag agallaithe roimh ré faoina rogha teanga. Ní bheidh an rogha seo ar fáil áfach sa chás go mbeidh an Ghaeilge ina riachtanas ar leith don phost atá i gceist.

#### 3.3.2 Oiliúint & Forbairt

Ina gealltanais le hoiliúint agus forbairt chuí a sholáthar don fhoireann ar fad, measúnóidh an Roinn scileanna Gaeilge gach duine nua dá n-earcófar don Roinn sula dtagann siad isteach agus, sa chás gur féidir, sannfaidh an Roinn iad chuig Rannóga mar ab fhearr a n-úsáidí a scileanna Gaeilge. Lena chois sin, déanfaidh an Roinn an méid seo a leanas:

- Leanúint ar aghaidh le daoine a lorg a thóileoidh seirbhísí Gaeilge a sholáthar trasna na Roinne sa chas go bhféadfadh an riachtanas teacht chun cinn le seirbhísí a sholáthar trí mheán na Gaeilge. Aithnítear baill foirne den sórt sin le réiltín ar liostaí inmheánacha teileafóin. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**
- Leanúint ar aghaidh le gach cúrsa a mheasúnú ar bhonn rialta, lena n-áirítear cúrsaí Gaeilge, lena dhéanamh amach a éifeachtaí is a chomhlíonann siad riachtanais na Roinne. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**
- An fheasacht teanga a chur isteach ina cuid de chúrsaí oiliúna Ionduchtúcháin agus um Sheirbhís do Chustaiméirí araon, lena chinntiú go dtuigfidh an fhoireann a n-oibleagáidí dátheangacha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**

- Ranganna Gaeilge a sholáthar, a bheidh dírithe ar riachtanais ó thaobh seirbhíse do chustaiméirí, le haghaidh na rannóg sin is mó a bhíonn ag plé le custaiméirí, agus éascú le baill foirne a bheidh ag freastal ar ranganna Gaeilge i rith uaireanta oifige. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**
- Comhairle a thairiscint, agus i gcúinsí áirithe, cúnamh airgeadais, don fhoireann i ndáil leis an raon ranganna ardchaighdeáin Gaeilge atá ar fáil lasmuigh d'uaireanta oifige. Leanfaidh an Roinn ar aghaidh lena polasaí freisin ó thaobh a bheith ag éascú le baill foirne ar mian leo leas a bhaint as Scoláireachtaí Gaeilge m.sh. Scéimeanna Ghaeleagras. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**
- Cuirfear cúrsa Oiliúna aonlae ar fáil gach bliain, agus / nó faoi réir éilimh, do gach ball foirne a bhíonn ag obair ag deasca fáilithe / agus do gach teileafónaí agus Oifigeach Seirbhíse chun a bhfeasacht ar bheannachtaí bunúsacha na Gaeilge agus a n-eolas ar an nGaeilge a mhéadú. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**

### **3.3.3 Acmhainní Teanga**

Leanfaidh an Roinn ar aghaidh le bealaí a sholáthar don fhoireann ar fad le teacht ar fhaisnéis agus ar acmhainní teanga go héasca, m.sh. foclóirí, idir chóip chrua, sa chás go n-iarrfar iad, agus i bhformáid leictreonach friesin, comhairle maidir leis an nGaeilge scríofa agus liostaí d'abairtí coitianta srl. Cuirfear úsáid acmhainní idirlín ar nós seiceálaithe litrithe agus *focal.ie* chun cinn go gníomhach. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**

### **3.3.4 Seirbhísí Aistriúcháin**

Leanfaidh an Roinn ar aghaidh le liosta a chur ar fáil don fhoireann de gach cuideachta agus duine aonair a bhíonn ag soláthar seirbhísí aistriúcháin. Soláthrófar treoir agus comhairle mhionsonraithe don fhoireann freisin maidir leis na nósanna imeachta agus na cleachtais is fearr a bheidh le leanúint agus na seirbhísí seo á bhfostú agus á n-éascú. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**

### **3.3.5 Seachtain na Gaeilge**

Tá rún daingean ag an Roinn tionscnaimh chultúir, lena dtacaítear agus lena spreagtar úsáid na Gaeilge, a chur chun cinn. Ar an gcaoi seo, leanfaidh an Roinn ar aghaidh le bheith ag tacú le gníomhaíochtaí arna n-eagrú i rith Sheachtain na Gaeilge i gcaitheamh thréimhse na Scéime. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**

### **3.3.6 Cumarsáid Inmheánach**

Leanfaidh an Roinn ar aghaidh le bheith ag spreagadh na foirne le hailt i nGaeilge a chur isteach le bheith san iris inmheánach foirne **Environment Matters**. Cinnteoidh an Roinn go mbeidh *alt amháin ar a laghad* i nGaeilge i ngach eagrán. Lena chois sin, cuirfear faisnéis rialta isteach mar chuid den 'Weekly Wrap' – nuachtlitir leictreonach seachtainiúil na Roinne – i ndáil leis an nGaeilge. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**

## **Caibidil 4    Monatóireacht & Athbhreithniú**

Coinneoidh an Grúpa Bainistíochta Sinsearaí (GBS) laistigh den Roinn seo súil ghéar ar fheidhmiú éifeachtach na scéime agus tabharfaidh an Rannóg um Fhorbairt Chorporáideach faoi mhonatóireacht leanúnach agus faoi mheasúnú bliantúil ar an obair leis an Scéim a chur i ngníomh. Cuirfear tuarascáil maidir le toradh na measúnachtaí seo i láthair an GBS. **[Ón tráth a thosófar an Scéim nua]**

Ceanglófar ar gach rannóg den Roinn gealltanais na Scéime Gaeilge seo a léiriú sa Phlean Gnó Bliantúil don Rannóg sin. Bainisteoirí líne i ngach ceann de na Rannóga, a bhíonn freagrach as an Scéim a chur i ngníomh laistigh dá réimsí féin, a chomhlíonfaidh feidhm laethúil na monatóireachta go príomha.

Tabharfar faoi athbhreithniú bliantúil ar an dul chun cinn a rinneadh maidir leis an Scéim a chur i ngníomh. Chun an dul chun cinn seo a mheasúnú, baileofar faisnéis go bliantúil:

- ar pholasaithe nó thionscnaimh a chuir úsáid na Gaeilge chun cinn;
- ar ábhair ar foilsíodh cuid díobh nó an t-iomlán i nGaeilge;
- ar mhinicíocht aon ghearán agus mholtaí a bhain le soláthar seirbhísí i nGaeilge ag an Roinn, agus ar a raibh i gceist leis na gearáin/moltaí sin;
- ar dhul chun cinn i gcoinne gach ceann de na gealltanais a leagadh amach sa Scéim;
- leibhéal an éilimh ar sheirbhísí trí Ghaeilge.

Leanfaidh an Roinn ar aghaidh le haon bhearta breise, atá riachtanach chun feabhas a dhéanamh ar leibhéal na seirbhíse a sholáthraíonn an eagraíocht, a bhreithniú i bhfianaise éilimh agus a n-eascróidh as an measúnú bliantúil ar dhul chun cinn.

Lena chois sin, cuirfear tuairisc ar na bearta a cuireadh i ngníomh faoin Scéim isteach ina cuid de Thuarascáil Bhliantúil na Roinne.

## Caibidil 5 Scéim Chomhaontaithe a Phoibliú

Cuireadh a bhfreagrachtaí i leith Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 in iúl don fhoireann agus tá treoir agus treoracha mionsonraithe curtha ar fáil dóibh siúd ar gá dóibh bearta Gaeilge a chur i ngníomh b'fhéidir. Leanfar ar aghaidh leis an bhfoireann a chur ar an eolas faoina bhfreagrachtaí faoin scéim trí roinnt bealaí éagsúla m.sh.;

- Fógraí Oifige;
- Faisnéis ar shuíomh idirlín inmheánach na Roinne m.sh. laistigh den *'Weekly Wrap'* (nuachtlitir leictreonach seachtainiúil);
- Ailt in *Environment Matters* (iris inmheánach na Roinne);
- Cuirfear faisnéis ar ghealltanais Ghaeilge na Roinne isteach ina gcuid d'oiliúint Ionduchtúcháin agus um Sheirbhís do Chustaiméirí na Roinne.

Cuirfear ábhair na Scéime seo, in éineacht lena gealltanais agus a forálacha, ar fáil don phobal ginearálta tríd:-

- An Scéim a scaipeadh ar ghníomhaireachtaí agus ar chomhlachtaí poiblí cuí;
- Áit fheiceálach a thabhairt don Scéim ar shuíomh idirlín na Roinne;
- Áit fheiceálach a thabhairt don Scéim i gCairt Ardchaighdeáin do Chustaiméirí na Roinne agus i bPlean Gníomhaíochta na Roinne um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí;
- Bileog ghearr le cur ar fáil ag an deasc fáilithe lena leagfar amach seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge.

Le cois na mbeart seo, tapóidh an Roinn gach deis ina hidirghníomhaíochtaí laethúla le custaiméirí leis na seirbhísí a sholáthraíonn sí trí Ghaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú, agus an méid seo a leanas san áireamh:

- an rogha le plé leis an Roinn as Gaeilge a chur ar a shúile do chustaiméirí go díreach agus ar bhonn réamhghníomhach, trí, mar shampla, fógraí a chur ar taispeáint ag limistéir fháilithe á thabhairt le fios go bhfuil na seirbhísí Gaeilge ar fáil agus tríd na seirbhísí seo a liostú ar shuíomh idirlín na Roinne go feiceálach;
- fonótaí a chur isteach mar chuid de threoirínte, de bhileoga agus d'fhoirmeacha iarratais roghnaithe á mhíniú go bhfuil na cáipéisí seo ar fáil i nGaeilge freisin (i gcás nach dtáirgtear ábhar priontáilte dátheangach faoi aon chlúdach amháin); agus
- nótaí a chur isteach mar chuid d'fhoilseacháin agus d'fhógraí á thabhairt le fios go soláthraíonn an Roinn seirbhísí as Gaeilge agus, dá réir sin, go bhfáiltíonn an

Roinn roimh chustaiméirí ar mian leo déileáil léi i nGaeilge, de réir na ngealltanais ina Scéim chomhaontaithe.

Tá cóip den Scéim seo curtha ar aghaidh chuig oifig an Choimisinéara Teanga chomh maith le gach duine díobh siúd a chuir aighneachtaí faoi bhráid na Roinne i ndáil le forbairt an Dara Scéim seo.

Is é an leagan Béarla an bunchóip den scéim seo.